# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDUITHE AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2009

**CLÓSCRÍOBH - GNÁTHLEIBHÉAL**

**(100 MARC)**

**Dé hAoine, 29 Bealtaine, maidin, 9.30 – 11.40**

**TREORACHA GINEARÁLTA**

1. Tá deich nóiméad ceadaithe chun an páipéar seo a léamh, 9.30 – 9.40 a.m. *Ní ceadmhach clóscríobh a dhéanamh i rith na tréimhse sin.*
2. Ní mór tabhairt faoi gach ceist.
3. Clóscríobh do scrúduimhir ar bharr gach bileoige de do chuid oibre. Clóscríobh **'L'** i ndiaidh do scrúduimhreach má tá clóscríobhán neamhleictreonach (láimhe) á úsáid agat.
4. Léigh go cúramach na treoracha sonracha atá tugtha **ag barr** gach ceiste.
5. Tosaigh gach roinn ar bhileog úr.
6. Is ceadmhach aon chineál ceartúcháin a úsáid, scriosán, páipéar, leacht, etc., ach amháin sa triail chruinnis (Ceist 1). Dealófar marcanna má fhágann ceartúcháin obair mhíshlachtmhar ina ndiaidh.
7. **Ná cuir** do thriail chruinnis i gclúdach ar leith.
8. Ag deireadh an scrúdaithe bailigh do chuid oibre **in ord**.
9. Scríobh do scrúduimhir ar an gclúdach atá ann do d'obair chríochnaithe. Scríobh **'L'** i ndiaidh do scrúduimhreach má d'úsáid tú clóscríobhán láimhe (neamhleictreonach).

| **CEISTEANNA** | | **MARCANNA** |
|---|---|---|
| 1. | Triail chruinnis (9.40 – 9.50) | 25 |
| 2. | Litir ghnó | 25 |
| 3. | Ráiteas táblaithe | 30 |
| 4. | Biachlár | 20 |
| | **Iomlán:** | **100** |

**Leathanach bán**

| CEIST 1 | TRIAIL CHRUINNIS (10 nóiméad) | 25 marc |
|---|---|---|

(a) Déan cóip charbóin de do chuid oibre.

(b) Bain úsáid as spásáil dhúbailte agus fág imill d'orlach amháin (2.5 c.m.) ar dhá thaobh an leathanaigh.

(c) Dealófar marcanna má dhéantar ceartúchán ar bith.

(d) Ní ghnóthófar marcanna breise má chlóbhuailtear an sliocht, nó aon chuid de, den dara huair.

(e) Tabhair an chóip chlóbhuailte agus an chóip charbóin de do chuid oibre don fheitheoir ag deireadh na trialach cruinnis. Tabharfar iad sin ar ais duit ag deireadh an scrúdaithe chun cur in ord leis an gcuid eile de do chuid cleachtaí.

---

Tá Co. Chill Mhantáin suite níos lú ná uair a chloig ó dheas ó lár chathair Bhaile Átha Cliath le nasctha traenach, bus agus mótarbhealach chuige. Tugtar 'Gairdín na hÉireann' ar Cho. Chill Mhantáin agus tá sé ar cheann de limistéir ardschéimhe na hÉireann lena chnoic agus sléibhte maorga, tránna fada gaineamhacha, aibhneacha agus lochanna. Is ionad saoire thar barr é a oireann do shaoire clainne agus do bhriseadh gearr rómánsúil deireadh seachtaine freisin. Tá sraith iontach d'óstáin den scoth agus de bhialanna tarraingteacha ann don taistealaí gnó.

Tá Cill Mhantáin ina pharthas dóibh siúd a bhaineann taitneamh as an saol amuigh faoin aer. Tá sé ar cheann de na ceantair is fearr le haghaidh cnocadóireachta. Tá slí Chill Mhantáin ann, siúlóidí dushlánacha agus rianta séimhe a théann trasna sleibhte garbha agus gleannta foirfe na tíre.

Os rud é go dtugtar 'Gairdin na hÉireann' ar Chill Mhantáin, is tearmann é don lucht garraíodóireachta ní nach ionadh! Is féidir teacht ar roinnt de na gairdíní is áille sa tír anseo, gairdíní ar nós 'Powerscourt' (Áth na Scríbhe) agus Mount Usher (Áth na Fuinseoige). Gach bliain eagraíonn Turasóireacht Chill Mhantáin Féile Ghairdíní Chill Mhantáin a bhfuil clú agus cáil air anois. Tugann sé deis do dhaoine cur amach a fháil ní hámháin ar na gairdíní cáiliúla ach ar ghairdiní beaga príobháideacha a osclaítear don phobal le linn na féile.

| CEIST 2 | LITIR GHNÓ | 25 marc |
|---|---|---|

(a) Clóscriobh an litir ghnó seo a leanas san fhoirm cheart le do thoil.

(b) Níl cóip charbóin de dhíth.

(c) Tá clúdach nó cruth clúdaigh riachtanach.

---

Tag MÓD/(do thúslitreacha féin)

29 Bealtaine 2009

An tUasal Seán Ó Murchú
Ceannaí Seandachtaí
An tSráid Mhór
Ráthluirc
Co Chorcaí

An tUasal Ó Murchú

Chun do cheist a fhreagairt, is cúis mhór áthais dúinn a chur in iúl duit gur feidir linn na hearraí ar fad ar do liosta a chur ar fáil ón stoc ach amháin an dair Mheiriceánach nach bhfuil ar an margadh faoi láthair. In ionad dhair Mheiriceánach ba mhaith linn mailp Sheapánach a mholadh duit agus tá go leor den ábhar sin ar fáil ag an bpointe seo.

Ba mhaith linn a insint duit freisin go bhfuil roinnt earraí seanda fíor-spéisiúil sa stoc anois mar a liostáiltear thíos:

| | | | |
|---|---|---|---|
| a) Cófraí snoite Meiriceánacha | Dair | Uimhir chatalóige | C1024 |
| b) Cófraí aghaidhshnoite | Péine | Uimhir chatalóige | C1297 |
| c) Boird do sheomraí bia | Mahagaine | Uimhir chatalóige | C1534 |

Tá na hearraí thuasluaite ar fáil ar na téarmaí seo a leanas:

- 20% lacáiste trádála
- 2 % lacáiste airgid nuair a íoctar laistigh de 14 lá
- CBL ag an ráta caighdeánach

Gheobhaidh tú faoi iamh catalóg le pictiúir de na hearraí is luachmhaire.

Le dea-ghuí

_________________
Mícheál Ó Donabháin
Stiúrthoir Díolachán

(a) Réitigh an ráiteas táblaithe seo a leanas ar pháipéar A4.

(b) Taispeáin go héifeachtach i stíl bhloic nó i stíl lárnaithe é.

(c) Rialaigh go néata **i ndúch**.

---

## RÁTAÍ THEILEAFÓN PÓCA

Téacsanna saor in aisce gach mí le Líonra Oráiste Rogha Idéalach *

| Praghasphlean do rogha idéalach | Téacsanna saor | Nóiméid glaonna | Glaonna lasmuigh DEN Phlean | Roghanna saor | Costais mhíosúla |
|---|---|---|---|---|---|
| Rogha idéalach 50 | 50 | 50 | 35 g/nóiméad | Nil | €19 |
| Rogha idéalach 100 | 100 | 150 | 30 g/nóiméad | Nil | €29 |
| Rogha idéalach 200 | 200 | 260 | 25 g/nóiméad | SAOR glaonna agus téacsanna deireadh seachtaine ó Líonra Oráiste go hOráiste | €49 |
| Rogha idéalach 400 | 400 | 470 | 20 g/nóiméad | SAOR Glaonna agus téacsanna deireadh seachtaine ó Líonra Oráiste go hOráiste | €69 |
| Rogha idéalach 600 | 600 | 680 | 18 g/nóiméad | SAOR Glaonna agus téacsanna deireadh seachtaine ó Líonra Oráiste go hOráiste | €89 |

Tá sé fior-shimplí agus tapa athrú go Lionra Oráiste Rogha Idéalach, go bunúsach tig leat dul go haon siopa Oráiste ar bith nó glao ar 1907 ón bhfón póca.

* Gheobhaidh tú téarmaí agus coinníollacha iomlána ag www.orange.ie

| Ceist 4 | LEAGAN AMACH BHIA CHLÁR | 20 marc |
|---|---|---|

Taispeáin an biachlár seo a leanas ar bhealach tarraingteach ar bhileog de phortráid A4.

**BIALANN SHRUTH FARRAIGE**

**ÓSTÁN AGUS IONAD SPÁ BROOKVALE**

****

**Biachlár Luath Dinnéir**

Seabhdar bia mara le soilire biolar
Tian gliomach fionnuisce le sailéad práta agus síobhais
Blastán de chilí milis, lioma agus síol cóiriandair
Sailéad portáin agus cóilise le blastán balsamaigh

*******

Trosc scallta, brúitíní, julienne de ghlasraí fréimhe, im liomóide
Rumpa uaineola bándearg, brúitín gairleoige, purée ubhthoraidh,
Anlann de scoilteog mharóis (€2 forlíonadh)

Tagann prátaí óga úra nó sailéad taoibhe le gach príomhchúrsa

*******

Sútha talún i seaimpéin le brioscaí croíchruthach
Cáca seacláide le sútha craobh agus uachtar
Maróg úll le huachtar reoite fanaile ar an taobh

*******

Clár cáise Brookvale agus brioscaí

*******

Tae nó caife le petits fours

*******

# Leathanach bán

**Leathanach bán**